

Sonraí easnaimh i Valencia: Gearradh fineáil ar an Spáinn as bréagtuairisciú

An 13 Iúil 2015, d'fhorchuir an Chomhairle **fineáil €18.93 milliún** ar an Spáinn toisc cúbláil a rinneadh ar shonraí easnaimh i bPobal Féinrialaitheach Valencia (Comunidad Valenciana).

Baineann an fineáil den chuid is mó le **caiteachas sláinte gan a bheith á thaifeadadh** agus leis an **bprionsabal um fhabhrú** gan a bheith á chomhlíonadh ag an oifig réigiúnach iniúchóireachta.

Tar éis imscrúdú a rinneadh faoi stiúir an Choimisiúin, fuarthas go raibh **tromfhaillí in oifig réigiúnach iniúchóireachta** Phobal Féinrialaithe Valencia. Mar thoradh ar an bhfaillí sin rinne an Spáinn tuairisciú mícheart ar a sonraí rialtais ghinearálta i mí an Mhárta 2012 chuig Eurostat, oifig staidrimh an Aontais Eorpaigh. Cuireadh stop leis an mí-thuairisciú sin in 2012.

Seo í an **chéad uair** ar gearradh fineáil toisc cúbláil sonraí faoi Rialachán 1173/2011. Glacadh an Rialachán in 2011 mar chuid de neartú fhaireachas fioscach an Aontais.

Is ionchur sár-riachtanach iad sonraí maidir le heasnamh agus fiachas rialtais do chomhordú na mbeartas eacnamaíoch ar leibhéal an Aontais. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di ar mholadh ón gCoimisiún, cinneadh a dhéanamh fineáil a fhorchur ar Bhallstát sa limistéar euro d'fhonn faireachas buiséadach a fhorghníomhú. An aidhm atá leis sin ná stáit a dhíspreagadh ó fhaisnéis mícheart a thabhairt ar shonraí easnaimh agus fiachais, bíodh an fhaisnéis sin mícheart d'aonghnó nó mar gheall ar thromfhaillí.

Rinneadh an cinneadh ag cruinniú den Chomhairle Talmhaíochta agus lascaigh, gan phlé.

- [Cinneadh lena ndéantar fineáil a fhorchur maidir le hionramháil sonraí i gComhphobal Uathrialach Valencia](#)

Press office - General Secretariat of the Council of the EU

Rue de la Loi 175 - B-1048 BRUSSELS - Tel.: +32 (0)2 281 6319

press@consilium.europa.eu - www.consilium.europa.eu/press